2026/2355

21.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2355 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Deireadh Fómhair 2026

maidir le síniú an Phrótacail Bhreise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta a mhéid a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus comhar póilíneachta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(1) agus (2), Airteagal 83(1) agus (2) agus Airteagal 87(2), i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2024/1764 ([1]), d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht maidir le prótacal breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta ('an Prótacal').

(2) Ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an Prótacal an 15 Bealtaine 2026 agus tá sé beartaithe é a oscailt lena shíniú an 14 Deireadh Fómhair 2026.

(3) Comhlíonann an Prótacal cuspóir an Aontais a leagtar amach in Airteagal 67(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), eadhon ardleibhéal slándála a áirithiú trí bhearta chun an choireacht a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear bearta maidir le comhordú agus comhar idir na húdaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha agus bearta maidir le comhfhogasú na ndlíthe coiriúla.

(4) Áirítear sa Phrótacal, *inter alia*, forálacha maidir lena chuspóir agus a raon feidhme, maidir le bearta coigistíochta, maidir le bearta sealadacha chun maoin a urghabháil agus a reo, maidir le teicnící agus uirlisí imscrúdaitheacha, maidir le hoifigí um aisghabháil sócmhainní a bhunú, maidir le rochtain na n-oifigí sin ar fhaisnéis agus maidir le malartú faisnéise eatarthu, maidir le rochtain na n-údarás inniúil ar fhaisnéis cuntas bainc, maidir le bainistiú sócmhainní, lena n-áirítear oifigí bainistíochta sócmhainní a ainmniú, maidir le comhar breithiúnach i ndáil le cinntí reo agus coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú, maidir le comhroinnt agus filleadh sócmhainní, agus maidir le cearta agus coimircí nós imeachta do gach duine dá ndéantar difear.

(5) D'fhéadfadh an Prótacal creataí aisghabhála sócmhainní agus comhar gaolmhar a neartú go súntasach i measc Ballstáit Chomhairle na hEorpa agus príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta eile a d'fhéadfadh a bheith ina bPáirtithe sa Phrótacal.

([1]) Cinneadh (AE) 2024/1764 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena n-údaraítear an Coimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht maidir le Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta (IO L, 2024/1764, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1764/oj).

(6) Is mór an forluí idir na rialacha a leagtar síos sa Phrótacal agus rialacha comhchoiteanna a bunaíodh ar leibhéal an Aontais agus tá siad faoi anáil na rialacha comhchoiteanna sin. Áirítear ar na rialacha comhchoiteanna sin, go háirithe, Treoracha (AE) 2024/1260 ([2]) agus (AE) 2024/1640 ([3]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Thairis sin, tá forluí idir an Prótacal agus Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), nach bhfuil feidhm aici ach amháin maidir le hÉirinn, agus idir Cinntí Réime 2003/577/CGB ([6]), 2005/212/CGB ([7]) agus 2006/783/CGB ón gComhairle ([8]), nach bhfuil feidhm acu ach amháin maidir leis an gcaidreamh leis an Danmhairg agus le hÉirinn agus eatarthu.

(7) Ghlac an Coimisiún páirt sa chaibidlíocht thar ceann an Aontais agus d'áirithigh sé go bhfuil an Prótacal comhoiriúnach le dlí an Aontais.

(8) De bhun Airteagal 37 den Phrótacal, tá sé ar oscailt lena shíniú ag an Aontas. Ba cheart an tAontas a bheith ina Pháirtí sa Phrótacal in éineacht lena Bhallstáit, ós rud é go bhfuil inniúlachtaí ag an Aontas agus ag na Ballstáit sna réimsí a chumhdaítear leis an bPrótacal. Ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais a mhéid a d'fhéadfadh an Prótacal difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna arna mbunú ag leibhéal an Aontais nó a raon feidhme a athrú. D'fhéadfadh gealltanais idirnáisiúnta difear a dhéanamh do raon feidhme na rialacha comhchoiteanna sin nó iad a athrú i gcás ina dtagann na gealltanais sin faoi réimse a chumhdaítear den chuid is mó leis na rialacha comhchoiteanna sin cheana féin, a mhéid a d'fhéadfadh na gealltanais sin an bonn a bhaint de chur i bhfeidhm aonfhoirmeach comhsheasmhach na rialacha comhchoiteanna agus d'fheidhmiú cuí an chórais a bhunaítear leo. I réimse na n-inniúlachtaí comhroinnte coinníonn na Ballstáit a n-inniúlacht a mhéid nach ndéanann an Prótacal difear do rialacha comhchoiteanna arna mbunú ag leibhéal an Aontais nó nach n-athraíonn sé a raon feidhme, lena n-áirítear an fhorbairt a dhéanfar orthu sa todhchaí. Ní dochar an Cinneadh seo do shíniú an Phrótacail arna dhéanamh ag na Ballstáit, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.

(9) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le Conradh an Aontais Eorpaigh (CAE) agus CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(10) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(11) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) agus thug an Maoirseoir tuairim uaidh an 10 Meán Fómhair 2026 .

(12) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais,

([2]) Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L, 2024/1260, 2.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1260/oj).

([3]) Treoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir leis na sásraí atá le cur ar bun ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 (IO L, 2024/1640, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1640/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta (IO L 303, 28.11.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1805/oj).

([5]) Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le híonstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a reo agus a choigistiú san Aontas Eorpach (IO L 127, 29.4.2014, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/42/oj).

([6]) Cinneadh Réime 2003/577/CGB an 22 Iúil 2003 ón gComhairle maidir le horduithe a fhorghníomhú san Aontas Eorpach d'fhonn maoin nó fianaise a reo (IO L 196, 2.8.2003, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2003/577/oj).

([7]) Cinneadh Réime 2005/212/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le Fáltais, Ionstraimeachtaí agus Maoin a bhaineann le Coireacht a Choigistiú (IO L 68, 15.3.2005, lch. 49, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2005/212/oj).

([8]) Cinneadh Réime 2006/783/CGB an 6 Deireadh Fómhair 2006 ón gComhairle maidir le feidhm a bheith ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh maidir le horduithe coigistíochta (IO L 328, 24.11.2006, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2006/783/oj).

([9]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear síniú an Phrótacail Bhreise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail sin ([10]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

([10]) Foilseofar téacs an Phrótacail in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.